Slán fad lot, a lámh Aodha
[O'Conor Don, 215b]
In fer cétna (Eochaidh Ó hEoghasa)
[Deibhidhe, Dán Díreach]

1 Slan fad lot a lámh Áodha
a áithesach fhorráonda
a run bandála a bhen lonn
a bhannamha f[h]er n-echtronn.
2 A sgíath imdhiden Ultach
a dergrúatur dhíoghaltach
a lámh échtmur a ór sgol
a chlódh cédfadh na ccuradh.
3 A fholmhughadh orlair glíadh
a fhásughadh fhonn n-imchían
a cháor go ccrithir ccorcra
a bráon frithir foghart(h)a.
4 A áoibhioll áonuigh diomdadh
a bheim brisdte caithiorgal
linges mionmhúr Banba Breagh
a dhioghbh[ú](a)dh manma míledh.
5 A aithdhergad[h] oile a n-úir
a fráoch dochláoidhte dragúin
a sniomh renn a ciorrbadh corp
a err diomdhad[h] do dhúsacht.
6 A tragadh tuinne menma [216a]
a lámh leomhuin sheinEmhna
a fhúath comha a corcradh slegh
a dhórtadh f(h)ola feindedh.
7 Do dortadh más fíor t'fhuil-si
saoth liom ro-m-lá a n-athtuirsi
a lámh 'sa bhúaidh nach beror
rob slan uaim fa t'fhuiliughadh.
8 A lámh derg dergain [leg. dreagain?] Lighen
nír doirted ní doirtfidhear
fuil ríogh as úaisle ina t'fuil
ní fúair-si a díol do díogain.
9 Ar doirt tusa a tríath Gabra
d'foluibh riogh is ríodhamhna
fa ccrích síodhuigh nellglain Neill
do dioghuil t-enghoin íaid-sein.
10 Ni dubradh riamh roimhe sin
a rí Macha a Mhég Uidhir
do ghuin a n-aisgidh ó fhior
a thuir ghaisgidh na nGáoidhiol.
11 Gan díon sáorchlann shíol cCobthaigh
fríoth t'fhaill d'aithes énorcu[i]r
cúis do cédghuine a[s] sí sin
a rí gégmhuighe Gáoidhil.

12 Méin díochoisg dheithnes troda
trom bíodhbadh beg socraide
ro-d gon a áonbrath Emhna
báoghlach cor na cinnemhna.
13 Mairg duit narab duit a mhairg
do-chúaidh aonur a n-iomairg
sloigh fheithmeacha fán mall muir
gan beitreacha chlann cCriomht[h]ain.
14 Mairg comairleach nó cara
ro-d leig-si a fhlaith Bóramha
do nós chinn fhedhna oile
a rinn berna báoghloighe.
15 Mór as iongotha th'ollaimh
do chinn túath do thearmonnuigh
fád leig(h)en ar bru mberna
nár féig(h)eadh thú a thigherna.
16 Síol Uidhir aoible an chogaidh
nír bhen riú nach rabhattur
a Áodh as gach beinn dot brot
ar th'eing ar an ráon romad.
17 Egcóir dhóibh día do thuisle
gan bheith a Áodh iomaibh-si
fa a cédoighir mur bhios ben
a grios gegoirir Gáoidheal.
18 Fiú ar thairsiod dod taobh slisgheal
fiú ar fhóiris da n-eigin-sion
firthime nár chóir fad chenn
a rigthinne fhoir Éirenn.
19 Gid edh nír urusa dháibh
do thoirmesg día do dhíoghbhail
a rí Éirne a n-ucht ceilge
o lucht déinmhe dibheirge.
20 An faolchú lé bfaicter tréud [216b]
fásuigh a chíabh na ccaimgég
mairg fá mbual-san borb a goimh
fúasnam is colg an [leg. na?] con-soin.
21 En crodha an croidhe rechtmuir
ní fuirgenn ó einealtoin
ionann ceirde dhó ⁊ duit
a ló seilge gach seabhuic.
22 An cú fíochmur fed seilge
lasuigh a los díbeirge
criter a gaisgidh a goimh
fichidh lé faigsin bfíadhuigh.
23 Mar sin duit-si a derc mhalla
ag rioth a rinn tegmhála
lé déine lé med menma
créd an tréighe tigerna.
24 A chú s(h)eilge slóigh Doire

tugais sidhe seabhcuidhe
dob é an fíadhach rechtmur rod
tre fhiallach nertmur námad.
25 Iadhuid mat érla ndrongach
an tráth-soin troid lettromach
díorma shloigh fhuiligh f[h]ortoil
’na mbróin dhoiligh dhásachtaigh.
26 Do-níad chombáidh re cheile
cuimnigead cúis aithmeile
sgotha an tsluaigh Gháoidhealda a ng(n)oimh
dod grúaidh náoidhenda náraigh.
27 Ré líonmure a láth ngoile
ré lettrom na láochraidhe
nír éidir libh gan do lot
do l(u)igh an t-éigen orot.
28 A Mhég Uidhir fograis cath
a rug ort d’ógbaidh Ulltach
na slóigh nár commáoid[h] cogadh
comáoin dóibh a ndernattur.
29 Nír díoghladh a nderna tú
mor do dhligh dortad[h] t’fhíonchru
ar rígheachtoibh más cóir cion
d’fóir ngnímheuchtaigh na nGaoideal.
30 Mór saorchlann sráointe catha
mor mac ríogh is rofhlatha
do ríograidh conchuir chlair Bregh
torcuir don laimh do loitedh.
31 A rí Éirne an ruisc reabaigh
mor laithe do lingeabhair
broin ccrannrúadh a ccomach bfer
tre brollach glansluagh Gáoidheal.
32 Meinic iomaibh-si ar áth nglíadh
eóin chíocracha ag cosg ainmian
a chuingidh an tíre thall
ar broinnib sídhe sáorchlann.
33 Fa brúach Emhna an fheóir mhilis
meinic riamh do réidhighis
críoch challbhan fár chathaigh C(h)onn
orlár tachair ad tiomcholl.
34 Meinic bhós do brisedh libh [217a]
go ttrasda at Áodh Mág Uidhir
mainner rúadh relltonach renn
ar shlúagh n-echtgonach nÉirenn.
35 Do-chúaidh a chuingidh Emhna
let go ló na cinnemhna
cóir a ccédadhbhor do chen
a fhóir ghégádhbadh Gháoidheal.
36 Fada do leigedur libh
meince aithes lé haimsir

ar shíol nár ccédfadhach cCuinn
a lámh echtghonach fho(i)rtuill.
37 Nír fhill tríath da ttarla libh
a lámh mhillteach Mhég Uidhir
beg an [fh]airbríogh lat a lamh
na mac airdríogh nárbh esslán. Slan...